


Nótaí an Mhúinteora

Cuireadh na nótaí seo i dtoll a chéile chun tuilleadh faisnéise a thabhairt maidir le conas na ceisteanna atá in *CensusAtSchool*, a foilsíodh den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2015, a fhreagairt.

Tabhair faoi deara: Más mian leat na ceisteanna ar líne a sheiceáil sula n-iarrfaidh tú ar na scoláirí an tasc a chur i gcrích, bain úsáid as an bhfocal “TÁSTÁIL” sa bhosca “Ainm na Scoile” agus ansin is féidir an tsraith sin sonraí a aithint go héasca sna sonraí a thugann tú ar ais.

Tá Uimhreacha Rolla liostaithe de réir contae. Mura féidir leat do scoil a aimsiú, tabhair treoir do do scoláirí an chéad iontráil “Níl an Uimhir Rolla liostaithe” a úsáid.

Úsáidfeá d’ainm úsáideora chun na sonraí a chuir do scoláirí isteach a aisghabháil. Mar sin, tá sé tábhachtach go gcuireann gach duine an t-aon ainm úsáideora isteach san aon fhormáid, i.e. litreacha cás íochtair amháin gan aon spásanna.



The screenshot shows three sections of the online survey interface:

- Roghnaigh Uimhir Rolla do Scoile:** A dropdown menu with the text "Please choose..." and a question mark icon. Below it is a help message: "Mura bhfuil tú eolach ar d'Uimhir Rolla Scoile, fiafraigh de do mhúinteoir le do thoil".
- Cuir isteach Ainm Úsáideora do Mhúinteora:** A text input field with a question mark icon. Below it is a help message: "M.sh. mkelly4461. Mura bhfuil tú eolach air seo, fiafraigh de do mhúinteoir le do thoil".
- Cuir isteach ainm do Scoile:** A text input field.

Go hidéalach, ba chóir do na scoláirí cóip chrua den cheistneoir a chomhlánú sula gcomhlánóidh siad an ceistneoir ar líne. Ba chóir, go háirithe, na pointí seo a leanas a thabhairt faoi deara:

- Ba chóir na tomhais choirp a ghlacadh roimh ré mar go gcabhróidh sé sin leis an seisiún iontrála sonraí a bhrostú. Ba chóir go dtógfadh sé sin 25 nóiméad san iomlán. Feic *Treoir maidir le Tomhais a Ghlacadh CensusAtSchool*.
- Cuir i gcuimhne do na scoláirí gur gá dóibh an barra sleamhnáin a bhogadh ionas gur féidir freagra a thairfeadh ar cheisteanna sleamhnáin sa cheistneoir ar líne, fiú má bhogann siad é ar ais chuig an suíomh bunaidh. Mura ndéanann siad é sin, glacfar leis sa chóras nár freagraíodh an cheist agus ní bheidh an scoláire in ann dul ar aghaidh chuig an gcéad leathanach eile dá bharr.

Cineálacha Sonraí sa Cheistneoir Seo

Tugtar sonraí de chineál ainmniúil catagóireach sna ceisteanna seo a leanas: C1, C3, C4, C6(a), C8, C9(a), C9(b), C10(a), C11, C12, C13(c), C13(d), C14, C18, agus C19. Tugtar sonraí de chineál catagóireach orduimhriúil sna ceisteanna seo a leanas: C2(b), C7 agus C10(b). Tugtar sonraí uimhriúla sna ceisteanna eile ar fad.

Tugtar sonraí scoite uimhriúla sna ceisteanna seo a leanas: C2(a), C13(a), C13(b) agus C15(a).

Is sonraí leanúnacha uimhriúla atá sna sonraí uile a thugtar le haghaidh tomhais fhisiciúla, ama, airgid agus rátálacha ar líne, e.g. C5, C6(b), C11(b), C15(b), C16, C17. Mar sin féin, is sonraí scoite uimhriúla atá i gcuid díobh sin freisin, e.g. C5, C6(b), C15(b), C16, agus C17.

C17: Is athróg leanúnach uimhriúil é an t-airgead a úsáidtear i ríomhanna, ach deirtear linn é a shlánú go luachanna scoite uimhriúla chun críche na ceiste.

Sonraí Aonathráideacha agus Sonraí Dé-athráideacha

Sonraí aonathráideacha:

Is féidir na cineálacha anailíse geografacha seo a leanas a úsáid le haghaidh sonraí aonathráideacha:

	Catagóireach	Scoite Uimhriúil	Leanúnach Uimhriúil
Línebhreacadh	✓	✓	✓
Barrachairt	✓	✓	
Tábla Minicíochta	✓	✓	✓
Histeagram			✓
Píchairt	✓	✓	
Léaráid Ghais is Duillí		✓	✓

Sonraí athráideacha

Is féidir le scoláirí scaipghraim a tharraingt chun imscrúdú a dhéanamh ar ghaolta idir dhá athróg, mar shampla, airde agus síneadh ingearach, etc.

Ceisteanna a Fhreagairt agus a Léirmhíniú

C5: Is é atá sa cháipéis *Treoir maidir le Tomhais a Ghlacadh CensusAtSchool* ná faisnéis agus léaráidí atá an-soiléir maidir le conas is féidir le scoláirí oibriú le chéile chun na tomhais atá ag teastáil don cheist seo a bhailiú. D'fhéadfadh sé bheith fiúntach trí limistéar a bhunú sa seomra ranga roimh ré ionas gur féidir le foghlaimeoirí na nithe seo a leanas a thomhas iontu:

- A. airde (gan bhróga) agus síneadh ingearach;
- B. géag-réise oscailte;
- C. fad na cormhéire (an lámh chlé) agus fad na méire fáinne (an lámh chlé).

C11: D'fhéadfadh an cheist seo maidir le “staidéar a dhéanamh ar an stair” aird a tharraingt ar dhifríochtaí san eolas atá ag na scoláirí ar na heachtraí in Éirinn sa tréimhse 1912-1922.

C14: D'fhéadfadh an cheist seo (agus ceisteanna eile sa cheistneoir) na scoláirí a spreagadh le tuilleadh taighde a dhéanamh ar na heachtraí náisiúnta agus áitiúla taobh thiar de na heachtraí in Éirinn sa tréimhse 1912-1922.

C15: Ba chóir do mhúinteoirí tagairt a dhéanamh don aonad airgeadra – is é sin an euro sa chás seo – nuair a bhíonn an cheist seo á freagairt ag scoláirí.

C17: Agus leas á bhaint as na sonraí ón gceist seo, táthar ag súil go ndéanfaidh scoláirí agus múinteoirí imscrúdú ar an gcóras airgeadra a bhí i bhfeidhm in Éirinn le linn na tréimhse 1912-1922.

C19: D'fhéadfadh an cheist seo maidir le “gníomhaíochtaí spóirt” aird a tharraingt (a) ar dhifríochtaí inscne agus/nó (b) ar dhifríochtaí geografacha.